

# WIRES STRINGS

**& OTHER  
THINGS**

**PACÁISTE GNÍOMHAÍOCHTAÍ  
DON SEOMRA RANGA**

# WIRES, STRINGS & OTHER THINGS

## Réamhrá

Is seó ceoil nua é *Wires, Strings & Other Things* do pháistí atá 6 bliana agus os a chionn. Brian Irvine a chum agus is é Wouter Van Looy atá i mbun an stiúrtha. Is léiriú ceoil é an seó seo a spreagann tú le bheith fiosrach i gcónaí. Iarrtar ort éisteacht leis na fuaimeanna agus na scéalta atá mórthimpeall ort, freagairt dóibh agus cumarsáid a dhéanamh tríothu – cibé áit a bhfuil tú agus cé leis a bhfuil tú. Tá roinn gníomhaíochtaí sa phacáiste seo a ullmhaíodh go speisialta don seomra ranga a spreagfaidh páistí chun éisteacht go gníomhach, an guth, an ghluaiseacht agus an fhuaim a úsáid, agus tabhairt faoin gcumadóireacht. Gheofar nasc idir na gníomhaíochtaí seo agus na snáitheanna éisteachta agus freagartha, léirithe agus cumadóireachta i gcuraclam an Cheoil.

Rudaí nua a dhéanamh – is téama lárnach é sin de *Wires, Strings & Other Things*. Tugann an pacáiste seo deis chun teacht ar na cumadóirí agus na déantóirí i ngach rang. Tá na gníomhaíochtaí agus na cluichí seo ceaptha chun oscailteacht agus saoirse a chruthú laistigh den chumadóireacht. Is taiscéalaí é gach páiste i ndomhan na fuaime agus táimid ar bís féachaint cad a aimseoidh siad!

## Conas an pacáiste seo a úsáid:

Ba mhaith linn go n-úsáidfeá an pacáiste chun *Wires, Strings & Other Things* a fhiosrú le do dhaltaí sa seomra ranga roimh an seó, nó tar éis freastal air. Tabharfaidh na gníomhaíochtaí seo tuiscint níos fearr agus níos doimhne do na páistí ar an seó agus cuirfidh sé lena bhforbairt ceoil iomlán.

Tá na próisis go léir sa phacáiste seo

nasctha go dlúth le téama lárnach na cruthaitheachta in *Wires, Strings & Other Things*. Mar sin féin, is próisis oscailte iad na próisis a úsáidtear sna gníomhaíochtaí seo agus is féidir iad a chur in oiriúint do théamaí agus d'ábhair éagsúla i rith na scoilbhliana. Ar an mbealach seo, spreagtar comhtháthú traschuraclaim agus nasc le raon ábhar curaclaim agus tacaítear leis.

# GNÍOMHAÍOCHT 1: ÉIST!

**Spreagann an ghníomhaíocht seo éisteacht ghníomhach, ag díriú ar fhuaimneanna coitianta i dtimpeallacht an dalta.**

Cén rud é ciúnas, an bhfuil sé ann i ndáiríre? Cuir amadóir ar siúl ar feadh 60 soicind agus iarr ar an rang ar fad a ndícheall a dhéanamh fanacht ciúin. Le linn an ama seo, iarr orthu smaoineamh ar na nithe seo a leanas:

- Cad a chloiseann tú taobh istigh de do chorp?
- Cad a chloiseann tú taobh istigh den seomra ranga?
- Cad a chloiseann tú ón domhan amuigh?

Nuair a bheidh na 60 soicind istigh, iarr ar na daltaí na rudaí ar fad a chuala siad a ainmniú agus scríobh tusa iad ar an gclár dubh. Pléigh na fuaimeanna éagsúla agus féach an féidir le haon duine rud a lua nár chuala aon duine eile.

Cad iad na fuaimeanna a chuala tú a chuir iontas ort?

Úsáid na ceisteanna seo le tuilleadh comhrá ranga a spreagadh:

- An bhfuil aon áit ar domhan nach gcloisfeá fuaim ar bith?
- Cad é an fhuaim is aistí a chuala tú riamh? Agus cár chuala tú é?

# GNÍOMHAÍOCHT 2: FAIGH AMACH FAOI!

**Díríonn an ghníomhaíocht spráúil seo ar úsáid an ghutha agus na gluaiseachta.**

An féidir leat fuaim nua a dhéanamh le do ghuth nó do chorp amháin?

Iarr ar na páistí na leideanna seo a úsáid agus cúpla nóiméad a chaitheamh ag déanamh fuaimeanna:

- Cogar go hAN-CHIÚIN nó scread amach go hAN-ARD!
- Cad iad na fuaimeanna is féidir leat a dhéanamh agus do bhéal dúnta?
- Cé mhéad fuaim éagsúil is féidir leat a dhéanamh?

Análaigh go han-tapa nó go han-mhall. Conas a mhothaíonn tú? Cén difríocht a dhéanann sé do na fuaimeanna?

Anois déanaimis iarracht leis an gcorp.

- Roghnaigh dhá bhall de do chorp agus déan iarracht iad a bhualadh le chéile. Mar shampla, do chos agus do lámh, nó do bheola agus do ghuaillí. An ndéanann sé fuaim? An féidir leat do fhuaim féin a dhéanamh?

Ansin, imir cluiche ina n-iarrann tú ar dhalta amháin AON fhuaim is maith leo a dhéanamh leis an nguth nó leis an gcorp. Ansin iarr ar an dara dalta aithris a dhéanamh ar an gcéad fhuaim agus a fuaim féin a chur leis. Ansin déanann an tríú dalta an chéad fhuaim agus an dara fuaim arís agus cuireann sí a fuaim nua féin leis. Déanann an ceathrú dalta aithris ar na chéad trí fhuaim agus cuireann sí a fuaim féin leis, agus ar aghaidh ar fud an ranga. Éiríonn sé seo níos deacra nuair a théann sé níos faide ná trí fhuaim. Cé mhéad fuaim ar féidir leis an rang cuimhneamh orthu in ord?

# GNÍOMHAÍOCHT 3: DÉAN D'UIRLIS CHEOIL FÉIN!

**Spreagann an ghníomhaíocht seo cumadh ar an toirt agus cruthú fuaimeanna nó fonn ar uirlisí a rinneadh sa bhaile agus le foinsí fuaime neamhthraidisiúnta.**

Cé mhéad fuaim éagsúil is féidir leat a dhéanamh?

Tar éis dúinn gníomhaíocht a dó a chríochnú, díreoimid anois ar fhuaimneanna lasmuigh den chorp. Iarr ar na daltaí féachaint timpeall orthu, cad a fheiceann siad a dhéanann torann? Pléigh na foinsí fuaime éagsúla. Ansin iarr ar na daltaí a bpeann luaidhe a úsáid chun rudaí agus dromchlaí éagsúla a thapáil. Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar obair bhaile freisin, de bhri gur áit iontach í an chistin le foinsí fuaime a aimsiú! Tá cófraí de photaí agus de phannaí ann, agus tarraiceáin de chineálacha éagsúla bataí cosúil le sceanra nó spúnóga adhmaid. Iarr ar na daltaí na rudaí nó na dromchlaí céanna a thapáil le rud éigin eile seachas an peann luaidhe:

- An mar a chéile na fuaimeanna? Éist go cúramach.
- An bhfuil cuid acu ard nó íseal?
- An bhfuil cuid acu glórach nó bog?
- Cad a tharlaíonn má dhéanann tú scríobadh in ionad cnagadh?
- Féach cad a tharlóidh má úsáideann tú do mhéara nó má shéideann tú ar an rud atá agat?

*\*Nod! Áit iontach eile le fuaimeanna aisteacha a aimsiú ná sa bhosca bruscair athchúrsála, bí cinnte go bhfuil do chuid rudaí glan sula mbainfidh tú triail astu!!*

## Dúshlán!

Iarr ar na daltaí go leor fuaimeanna a thriail sa bhaile nó sa seomra ranga. Ná dearmad gur uirlis cheoil é aon rud a dhéanann fuaim! Fiafraigh díobh cad é an uirlis is fearr leo a rinne siad? Cé mhéad fuaim éagsúil a dhéanann na daltaí? An bhfuil cuid acu mar a chéile nó cosúil lena chéile?

# GNÍOMHAÍOCHT 4: TABHAIR AN FHUAIM IS FEARR LEAT AR SCOIL!

**Spreagann an ghníomhaíocht seo cumarsáid trí fhuaim a roghnú atá oiriúnach do ghiúmar.**

Cad iad na fuaimeanna ar tháinig na daltaí orthu? Tar éis duit gníomhaíocht a trí a chríochnú, iarr ar na daltaí an ‘uirlis cheoil’ is fearr leo a thabhairt ón mbaile chun na scoile. Iarr ar na daltaí, duine i ndiaidh a chéile, a ‘n-uirlis cheoil’ a phlé, an bhfuil smaointe eile acu faoi rudaí eile ar mhaith leo triail a bhaint astu níos déanaí?

Ansin fiafraigh de na daltaí an féidir leo aithris a dhéanamh ar fhuaim na ‘n-uirlisí ceoil’ lena mbéal nó lena gcorp. Iarr ar gach dalta a n-uirlis cheoil a thaispeáint agus a sheinm don rang. Ansin féach an bhfuil an rang in ann an fhuaim sin a dhéanamh, is deas éisteacht leis na slite difriúla ina gcloiseann daltaí difriúla an fhuaim chéanna! Is féidir leo aon chuid dá gcorp, a mbéal nó a nguth a úsáid. Ainmnigh agus nótaíl!

Tar éis do na daltaí an tslí leis an bhfuaim a dhéanamh lena gcorp nó lena nguth, iarr orthu ainm a thabhairt dó. Féadfaidh an t-ainm a bheith chomh simplí le “spúnóg adhmaid ar phanna airgid” nó chomh samhlaíoch le “meaisín iógart neamhghnách Jimmy”. Is iad na daltaí a roghnóidh an t-ainm.

Iarr ar na daltaí siombail scríofa a chruthú a sheasann don fhuaim seo. Is féidir RUD AR BITH a roghnú mar shiombail. Is féidir í a bhunú ar an uirlis as ar tháinig sé nó ar an bhfuaim a dhéanann sí, pléascadh braonta báistí nó pictiúr den fharraige. Is iad na daltaí a roghnóidh í!

## GNÍOMHAÍOCHT 5: DÉAN CUR SÍOS

**Díríonn an ghníomhaíocht seo ar chruthaitheacht agus uathúlacht an linbh a fhorbairt.**

Cé mhéad bealach difriúil atá acu le ceol a fhuaimniú?

Iarr ar do rang smaoineamh ar fhuaim amháin agus iarracht a dhéanamh í a dhéanamh ar go leor bealaí éagsúla:

- Déan iarracht an fhuaim a dhéanamh go mall
- Déan iarracht í a dhéanamh chomh hard agus is féidir leat
- Déan iarracht í a dhéanamh chomh ciúin agus is féidir leat

Is féidir leis an rang é seo a dhéanamh le chéile nó duine amháin ag an am le fuaimeanna a bhí againn i ngníomhaíocht 4. Labhair le do rang faoi na focail dhifriúla a d’fhéadfaidís a úsáid chun cur síos a

dhéanamh ar a gcuid fuaimeanna. Seo roinnt samplaí chun tús a chur leis an bplé, an féidir leo smaoineamh ar fhocail eile?

- Glórach
- Ciúin
- Tapa
- Mall
- Craiceáilte
- Socair
- Spíceach
- Réidh
- Fada
- Gearr
- Spreagúil
- Codlatach

## GNÍOMHAÍOCHT 6: GEÁITSÍ, GLUAISEACHTAÍ COIRP AGUS DREACH

**Soláthraíonn an ghníomhaíocht seo áis don fhéinléiriú, agus chun scileanna a fhoghlaim le go mbeidh siad in ann fuaimeanna a chruthú ar an toirt agus rudaí a dhéanamh.**

An féidir leat cumarsáid a dhéanamh gan fuaim? Tar éis gníomhaíocht 5 a chríochnú, féachfaimid anois an féidir linn cumarsáid a dhéanamh gan fuaim! Ullmhaigh píosaí páipéir leis na focail go léir ó ghníomhaíocht a cúig; ard, íseal, socair, spíceach srl.

- Iarr ar gach páiste píosa amháin páipéir/ focal a phiocadh as coimeádán – cosúil le crannchur!
- Ansin iarr ar an dalta an focal a léiriú gan fuaim, cosúil le Charades. Is féidir leo a gcorp a úsáid chun bogadh go mall, ligean orthu go bhfuil siad codlatach, nó gothaí gnúise a dhéanamh chun mothúchán a chur in iúl – sona, brónach agus mar sin de.
- Iarr ar an rang an rud atá á chur in iúl a rá amach.

# GNÍOMHAÍOCHT 7: CUM!

**Diríonn an ghníomhaíocht seo ar scóir agus socruithe grafacha a chruthú.**

Cad iad na fuaimeanna is fearr leat? Anois tá sé in am píosa ceoil a chumadh as fuaimeanna agus as na focail is fearr le do rang.

Piocfaidh an rang 6 cinn de na fuaimeanna is fearr leo ó ghníomhaíocht 4.

- Úsáid díisle le hord na bhfuaimeanna a shocrú.
- Rollaigh an díisle 10 n-uaire agus scríobh na siombailí in ord ar an gclár dubh.
- Déan 6 ghrúpa as an rang, beidh ar gach grúpa fuaim amháin a dhéanamh.
- Socróidh gach grúpa cad iad na focail ó ghníomhaíocht 6 a chuirfidh siad le gach fuaim.

Socróidh gach grúpa cé mhéad soicind a mhairfidh an fhuaim atá á déanamh acu. Seo mar a bheidh ag gach grúpa maidir lena bhfuaim féin.....

Grúpa 1: Ainm na fuaime / Siombail don fhuaim / Líon na soicindí

“Spúnóg adhmaid ar phanna airgid” / @\$% (Spíocach) / 5 soicind

Is féidir go mbeidh an t-ord mar seo a leanas, tar éis an díisle a chaitheamh:... Grúpa 4, Grúpa 2, Grúpa 3, Grúpa 4, Grúpa 6, Grúpa 1, Grúpa 5, srl.

Nuair a bheidh a bhfuaim féin déanta ag gach grúpa agus ord/eagar na bhfuaimeanna socraithe leis an díisle, féach cén fhuaim atá déanta agaibh le chéile! Iarr ar an ngrúpa é a sheinm! B’fhiú stiúrthóir a cheapadh, b’fhéidir, chun ord na bhfuaimeanna a choinneáil, is féidir le daltaí éagsúla an post seo a ghlacadh orthu féin, agus féach an athraíonn sé an ceoil!

# GNÍOMHAÍOCHT 8: SCÉALAÍOCHT

**Diríonn an ghníomhaíocht seo ar éisteacht go gníomhach agus ar léirmhíniú.**

An féidir linn scéal a insint le fuaimeanna? Iarr ar an rang smaoineamh ar na fuaimeanna a rinne an rang:

- Cén cineál fuaime é?
- An gcuireann sí é aon rud i gcuimhne duit?
- An bhfuil sí cosúil le héin, nó le habhainn, nó le cath mór?
- An bhféadfá scéal a scríobh a ghabhfadh leis na fuaimeanna?

## Dúshlán!

Iarr ar do rang scéal a chumadh as cibé rud a shamhlaíonn siad leis an bhfuaim sin agus as an rud a chuala siad le linn ghníomhaíocht 7.

Is féidir leo maisíochtaí fuaime a chur isteach ansin, aon áit is maith leo. Is féidir leo na fuaimeanna a chur in ord ar bith, AON treoracha is maith leo a úsáid agus na fuaimeanna a úsáid chomh minic agus is mian leo.

Seo sampla de scéal.....Bhí Amy agus Joe ag siúl ar an trá Fuaim 3, Socair, 4 shoicind Ansin chonaic siad madra Fuaim 2, Ard, 2 shoicind Bhí an madra ag cuardach a liathróide a bhí tar éis dul isteach san fharraige Fuaim 6, Spíceach, 6 shoicind

Nuair a bhíonn an scéal agus na maisíochtaí fuaime réidh, iarr ar gach dalta a scéal a léamh os ard agus méar a shíneadh leis an

ngrúpa ceart nuair a bhíonn sé in am dóibh a bhfuaim a dhéanamh. Ba chóir dóibh comharthaí agus gothaí gnúise a úsáid ó ghníomhaíocht 6 le hinsint don ghrúpa fuaim cibé ar mhaith leo an fhuaim a bheith tapa nó mall, glórach nó ciúin...

\*Leid: Is féidir leo a scéal a chleachtadh leo féin le bheith cinnte gur maith leo na fuaimanna atá roghnaithe acu. Agus is féidir an scéal a aithris dá dteaghlach sa bhaile!

## GNÍOMHAÍOCHT 9: CEOL RANDAMACH

**Sa ghníomhaíocht seo smaoinimid ar struchtúr an cheoil, ar na patrúin, an luas agus an rithim.**

Cad a tharlódh mura scríobhfadh duine ar bith ceol? An bhfuil slite againn chun ceol a chloisteáil timpeall orainn? Tabhair píosa de théad do gach dalta. Iarr orthu ligean dó titim chun urláir, féachaint cén cruth a dhéanfaidh sé. Cén cineál fuaim a dhéanann an cruth seo, dar leo? Má tharraingíonn tú an téad suas beagáinín, cén fhuaim a dhéanfaidh sé? Má tá cuma scríbe air, an ndéanfaidh sé fuaim dhifriúil? Iarr orthu a dtéad a bhogadh isteach i gcruth ar bith agus féachaint an bhfuil a gcairde in ann an cruth sin a chanadh.

Anois, iarr ar na daltaí féachaint thart ar an seomra ranga agus patrúin, cruthanna agus dathanna a lorg, a d'fhéadfaí a chloisteáil mar cheol. Iarr orthu féachaint ar an bpatrún a dhéanann leagan amach na mbord sa seomra, an féidir leo an cruth agus an patrún a chanadh? Má tá leanaí ag rith sa chlós súgartha, cruthaíonn sé patrún, iarr orthu an patrún a shamhlaíonn siad a chanadh!

## GNÍOMHAÍOCHT 10: DÉAN DO SCÓR GRAFACH FÉIN

**Díríonn an ghníomhaíocht seo ar thobchumadh agus ar scór agus leagan amach grafach a chruthú.**

An féidir leat do scór ceoil féin a scríobh?

Úsáideann go leor cumadóirí scóir ghrafacha, sin ceol a scríobh i bhfoirm línte, cruthanna agus pictiúir. Is faoin gceoltóir atá sé iarracht a dhéanamh oibriú amach cad a chiollaíonn an pictiúr. Tá sé cosúil le cód! Úsáid línte agus poncanna chun tús a chur le scór grafach. Seasann línte scrioblála, línte garbha, poncanna móra agus poncanna tonnacha do rudaí éagsúla. Féach an bhfuil do dhaltaí in ann a scór féin a chruthú, is fúthu féin atá sé na fuaimanna a leagan amach.

Agus iad ag obair ina mbeirteanna, iarr ar na daltaí scór grafach a scríobh as línte, cruthanna nó pictiúir le tabhairt don dalta eile. Nuair a bheidh an bheirt críochnaithe, is féidir leo a gcuid ceoil a mhalartú. Iarr ar dhuine amháin as gach beirt an ceol a fheiceann siad sa bhileog a chanadh. Agus déanfaidh an duine eile é. Féach an bhfuil an ceol á chanadh ag an amhránaí mar a shamhlaigh an cruthaitheoir/cumadóir é sa scór ceoil!

### Rud suimiúil

Is cumadóirí iad gach duine sa rang agus tá léiriú domhanda tugtha acu de cheol a chum cuid de na scríbhneoirí ceoil is óige agus is bisiúla in Éirinn. Anseo ag An Áirc agus ag Music Network ba bhreá linn do chuid ceoil chumtha a chloisteáil! Is féidir leat pictiúir nó taifeadtaí fuaim de do scór a sheoladh chuig [programme@ark.ie](mailto:programme@ark.ie).

# MAR GHEALL AR BRIAN IRVINE



I mBéal Feirste a rugadh Briain. Léiríonn a chuid ceoil a ghrá síoraí do chumadóireacht ceoil i ngach foirm. Cuimsíonn na foirmeacha sin ceoldrámaí, saothair cheolfhoirneacha, oratóirí mórscéala, suiteálacha, scóir scannáin, amharclannaíochta agus rince chomh maith le saothair ensemble, aonair, aragail. Gheofar meascán thar a bheith pearsanta de phunc, tobchumadh agus ceol clasaiceach comhaimseartha ina chuid ceoil – is deacair cur síos a dhéanamh air...

Tá coimisiúnaithe faighte aige ó go leor ceolfhoirne idirnáisiúnta, cuideachtaí ceoldrámaíochta agus amharclanna agus tá camchuartheanna déanta aige go forleathan lena ensembles féin. Tá roinnt gradam buaite aige lena n-áirítear Gradam Chumadóirí na

Breataine don Cheoldráma agus Gradam Snagcheoil BBC Radio 3.

Ghnóthaigh a dhramh-cheoldráma 'Postcards from Dumbworld' áit ar an ngearrliosta do Ghradam Ceoldrámaíochta an Irish Times (2011) agus ainmníodh 'Secret Cinema', coimisiún a fuair sé ó BBC Radio 3, do Ghradam Éisteoirí BBC Radio 3 (2011).

Bhí Rain Falling Up ar an ngearrliosta freisin do Ghradam Chumadóirí na Breataine (2012). Tá go leor camchuartheanna idirnáisiúnta déanta aige agus d'fhreastail sé ar chuid de na féilte/ionaid cheoil idirnáisiúnta is mó le rá ar domhan.

[www.brianirvine.co.uk](http://www.brianirvine.co.uk)



# MAR GHEALL AR AN ÁIRC

Is ionad cultúrtha sainiúil é An Áirc i gcroílár Bharra an Teampaill i mBaile Átha Cliath, áit ar féidir le leanaí idir 2–12 bliain d’aois a gcuid féin a dhéanamh den amharclannaíocht, den cheol, den litríocht, den ealaín, den scannánaíocht, den rince agus de go leor eile.

Bíonn léirithe, taispeántais agus ceardlanna cruthaitheacha den scoth ann gach cúpla seachtain, ionas gur féidir le daoine atá óg agus daoine nach bhfuil chomh hóg sin a bheith ag súil le heispéireas difriúil gach uair a thagann siad isteach. Tá an Áirc buíoch as tacaíocht a phríomh-mhaoinitheoirí, an Chomhairle Ealaíon agus a thacadóirí bliantúla eile: an Roinn Oideachais, Iontaobhas Cultúrtha Bharra an Teampaill agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

[www.ark.ie](http://www.ark.ie)

# MAR GHEALL AR MUSIC NETWORK

Music Network’s mission is to make high Is é misean Music Network ná ceol beo d’ardchaighdeán a chur ar fáil agus insroichte do dhaoine ar fud na hÉireann.

I gcomhpháirtíocht leis An Áirc cuirimid cláir ardchaighdeán ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh. Trínár bhfochuideachta, Music Generation, nascaimid turais le cláir oideachais ceoil, chun eispéiris ceoil iomlánaíocha shaibhre a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga.

Maoiníonn an Chomhairle Ealaíon camchuariteanna Music Network agus cuirtear i láthair iad i gcomhar le RTÉ lyric FM.

[www.musicnetwork.ie](http://www.musicnetwork.ie)

# WIRES STRINGS AND OTHER THINGS

**Commissioned and Produced by The Ark and Music Network**

Composer & Musical Director: **Brian Irvine**

Director: **Wouter Van Looy**

Performers: **Andreea Banciu** (viola), **James Allsopp** (bass clarinet),

**Ed Devane** (electronic instruments)

Stage & Costume Design: **Alyson Cummins**

Video Design: **Erato Tzavara**

Lighting Design: **Sarah Jane Shiels**

Supported by the Arts Council, with project funding from Creative Europe.

Additional support from Onassis Stegi.

**Classroom Activity Pack created by Lisa Dowdall**